# Óráid a thug an tUachtarán von der Leyen ag seisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa faoi ghníomh comhordaithe an Aontais le paindéim an choróinvíris agus leis an sliocht a bheidh ar an bpaindéim sin a chomhrac

An Bhruiséil, an 16 Aibreán 2020

A Uachtaráin na Parlaiminte, a chara,

A Uachtarán na Comhairle,

A Chomhaltaí Onóracha,

Níl focail againn ar leor iad chun cur síos a dhéanamh ar an bpian san Eoraip agus ar an bhfulaingt ar fud an domhain.

Táimid ag smaoineamh ar na híospartaigh go léir agus ag guí ar a son na dteaghlach go léir atá faoi bhrat dobróin.

Geallaimid dá chéile go ninseoimid a scéalta agus go dtabharfaimid urraim dá saol agus dá noidhreacht.

Agus cuimhneoimid go brách orthu go léir.

Cuimhneoimid ar Julie, an Francach óg a raibh a saol ar fad roimpi, agus ar Jan, an staraí Seiceach a throid i gcónaí ar son a luachanna, agus ar Gino freisin, an dochtúir Iodálach a chuaigh ar ais i mbun oibre tar éis a bheith ar scor chun beatha daoine eile a shábháil.

Cuimhneoimid ar an mbeart dochreidte a rinne Suzanne, is é sin a haerálaí a fhágáil ag duine níos óige ná í sa Bheilg, agus ar an íomhá de Francis agus é ag fágáil slán lena dheartháir trí fhuinneog ospidéil in Éirinn.

Cuimhneoimid ar an máthar nua Polannach nach bhfeicfidh a páiste ag fás aníos agus ar an gcóitseálaí óg sacair Spáinneach nach bhfíorófar a bhrionglóid riamh.

Ní dhéanfaimid dearmad orthu go brách.

Ar na máithreacha, na haithreacha, na deirfiúracha agus na deartháireacha. Ar an aos óg agus ar an dream aosta ón tuaisceart nó ón deisceart, ón oirthear nó ón iarthar. Ar na cairde agus ar na comhghleacaithe, ar na comharsana i gcóngar agus ar na strainséirí i gcéin. Orthu siúd a raibh scéalta le hinsint agus rudaí le feiceáil acu. Orthu siúd a thacaíonn linn in am an ghátar agus a gcothaíonn a ngrá muid.

Gach uile scéal beo de na scórtha mílte acu sin, briseann sé cuid bheag dár gcroí.

Ach neartaíonn siad ár ndiongbháilteacht freisin deimhin a dhéanamh de go ndéanfaidh an Eoraip gach is féidir léi chun gach beatha is féidir a shábháil.

A Chomhaltaí Onóracha,

Ní féidir leat paindéim dar luas seo agus dar scála seo a shárú gan an fhírinne. An fhírinne faoi gach rud: na huimhreacha, an eolaíocht, a bhfuil i ndán dúinn – ach faoinár mbearta féin freisin.

Is fíor nach raibh éinne réidh i ndáiríre chuige seo. Is fíor freisin go raibh an iomarca nach raibh ar fáil in am nuair a bhí lámh chúnta ag teastáil ón Iodáil ag an bhfíorthús.

Agus cinnte, as ucht sin, is ceart don Eoraip ina hiomláine leithscéal ó chroí a ghabháil.

Ach níl tábhacht le leithscéal a ghabháil as rud ach má athraítear an tiompar dá bharr.

Is í an fhírinne freisin í nárbh fhada nó gur thuig gach duine nach mór dúinn cosaint a thabhairt dá chéile chun muid féin a chosaint.

Agus is í an fhírinne í gurb í an Eoraip anois croílár na dlúthpháirtíochta ar domhan.

Tá an fhíor-Eoraip ag seasamh an fhóid, Eoraip ina dtacaítear lena chéile in am an ghátair.

Eoraip ina bhfuil beatha daoine á dtabhairt slán san Iodáil ag paraimhíochaineoirí ón bPolainn agus ag dochtúirí ón Rómáin. Ina bhfuil aerálaithe ón nGearmáin ag cur deiseanna tarrthála ar fáil sa Spáinn.

Ina bhfuil cóir leighis á gcur ar dhaoine breoite ón bhFrainc in ospidéil sa tSeicia. Agus ina bhfuil othair as Bergamo á dtabhairt ar eitleáin i gclinicí go Bonn.

Chonaiceamar soláthairtí leighis ag dul ón Liotuáin go dtí an Spáinn agus aerálaithe ag dul ón Danmhairg go dtí an Iodáil. Go deimhin, chonaiceamar trealamh de gach cineál ag dul i ngach treo ar fud na hEorpa, uathu siúd a raibh sé le spáráil acu chucu siúd a raibh sé ag teastáil uathu.

Is cúis bhróid dom mar Eorpach é sin.

Ar ndóigh, táthar ann fós ar mian leo an locht a chur nó milleán a sheachaint. Agus tá daoine eile ann arbh fhearr leo briathra pobalóirí a tharraingt chucu féin ná an fhírinne nach mian le cách cloisteáil a insint.

Is é atá le rá agamsa faoi sin: stad.

Stad agus bíodh sé de mhisneach agat an fhírinne a insint.

Bíodh an misneach agat an fód a sheasamh ar son na hEorpa. Toisc gur é an tAontas seo atá againn a thabharfaidh go deireadh na scríbe muid. Agus is é a bheidh sa neart a bheidh ann amach anseo an neart a chuirfimid ann anois.

Agus má theastaíonn inspioráid uait, ní gá ach féachaint ar an gcaoi a bhfuil muintir na hEorpa ag seasamh le chéile – lán comhbhá, umhlaíochta agus daonnachta.

Tugaim ómós dóibh go léir. Do na tiománaithe seachadta agus do na soláthróirí bia. Do na siopadóirí, pacálaithe i monarchana agus daoine ag bualadh bos ar na balcóin. Do na gnólachtaí a bhfuil a línte táirgthe á nathrú acu chun na soláthairtí atá ag teastáil uainn go práinneach a dhéanamh.

Tugaim ómós do na daoine deonacha sa Phortaingéil atá ag fuáil chun maisc a dhéanamh dá gcomharsana nó an pianódóir Gréagach seacht mbliana d'aois a chum "válsa an aonraithe" chun ugach a thabhairt do dhaoine.

Agus thar duine ar bith eile gabhaim buíochas lenár laochra agus tugaim ómós dóibh: na dochtúirí, na haltraí agus na cúramóirí. Is iad siúd na daoine a bhfuil baill ghorma ar a naghaidh agus íomhánna tragóideacha ina gcroí agus ina nintinn. Iad siúd a bheireann greim láimhe ar na daoine breoite ar dhóigh chomh bog agus chomh grámhar céanna leis na teaghlaigh nach féidir leo a bheith i láthair.

Is iad siúd na daoine a bhfuil ár mbeatha á dtabhairt slán acu agus ár nonóir á sábháil.

Iad siúd nach mór dúinn a chosaint le gur féidir leo muidne go léir a chosaint.

Agus sin é go díreach an rud a bhfuil ár naird dírithe againn air.

Sin é an fáth a bhfuil soláthar coiteann de threalamh leighis á chnuasach againn.

Sin é an fáth a bhfuil infheistíocht á déanamh againn i bpáirt le chéile sa taighde ar vacsaíní.

Sin é an fáth a bhfuil cúram lárnach á dhéanamh againn de sholáthar na nearraí leighis is práinní a bhfuil gá leo ar mhargadh an domhain.

Agus sin é an fáth a bhfuil foireann curtha le chéile againn de na saineolaithe ban agus fear is fearr as gach cearn den Eoraip, foireann a roinneann a gcuid eolais go rialta, eolas a bhfuil slánú ón mbás ann.

Sin é an chúis a bhfuil dleachtanna custaim agus CBL ar iompórtáil trealamh leighis ó thríú tíortha á gcur ar fionraí againn.

Agus sin é faoi deara an gealltanas a rinneamar i dtús na míosa seo, gealltanas simplí, ach gealltanas mór:

bainfimid leas as gach uile mhíle euro dá bhfuil ar fáil dúinn, ar gach uile mhíle dóigh dar féidir linn, chun beatha daoine a thabhairt slán agus chun slite beatha mhuintir na hEorpa a chosaint idir na mná agus na fir.

Sin é faoi deara an moladh atá déanta againn: gach atá fós ann d'acmhainní bhuiséad na bliana seo a chur i dtaisce in ionstraim éigeandála faoi leith.

Fágann sin go bhféadfar leas a bhaint as beagnach 3 bhilliún euro agus é a chur caol díreach chuig an áit a bhfuil sé ag teastáil.

Le haerálaithe nua agus trealamh cosanta a sholáthar.

Le breise tástála a dhéanamh, agus le cabhair an leighis a thabhairt do na daoine is leochailí, iad siúd atá ar feitheamh sna campaí dídine san áireamh.

Sin é an fáth a bhfuil sé beartaithe againn gach uile mhíle euro dá bhfuil i gCistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa a chaitheamh ar bhainistiú ghéarchéim seo an choróinvíris.

Fágann sin go bhfuil solúbthacht iomlán á tabhairt i gceist againn.

Ní bheidh bac ar úsáid na nacmhainní i réigiúin eile.

Beidh siad ar fáil le húsáid go forleathan, san áit is géire a bhfuil gá leo, gan beann ar na gnáthshrianta mar atá cómhaoiniú, imfhálú, ná uasteorainneacha.

Leis an bpacáiste seo thuas, pacáiste ar vótáil an teach seo ar a shon inniu, tá an Eoraip ag déanamh oiread ar domhan agus is féidir.

Agus baineann an prionsabal céanna le slite beatha daoine a chosaint.

Tharla géarchéimeanna eacnamaíocha san Eoraip cheana. Ach níor tharla dúnadh eacnamaíoch den chineál seo riamh.

Níl an milleán ar aon duine agus beidh tacaíocht ag teastáil ó gach duine. Tá bearta nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe ag teastáil chun é sin a dhéanamh agus chun a chinntiú go mbeidh ár ngeilleagar réidh le léim chun cinn a thabhairt a luaithe is féidir.

Agus anseo, arís eile, tá tábhacht leis an bhfírinne.

Tá níos mó déanta ag an Eoraip le ceithre seachtaine anuas ná mar a rinne sí sna chéad cheithre bliana den ghéarchéim dheireanach.

D'athraíomar na rialacha maidir le státchabhair chun go mbeidh siad níos solúbtha ná riamh. Le cúpla lá anuas, tá scéimeanna faofa againn a chuirfidh aon bhilliún euro ar fáil do ghnólachtaí na Cróite, 1.2 billiún ar fáil do FMBanna na Gréige, nó 20 milliún ar fáil d'iascairí na Portaingéile. Is iomaí sampla eile a d'fhéadfainn a roghnú, ón Laitvia agus ón Eastóin nó ón mBeilg nó ón tSualainn.

Den chéad uair riamh i stair an Aontais, tá leas bainte againn as an tsolúbthacht iomlán atá sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis. A bhuí leis sin agus leis na bearta cróga atá déanta ag an mBanc Ceannais Eoraip, tá cumhacht fhioscach agus airgeadais againn nach bhfacthas a leithéid riamh cheana.

Agus a bhuí leis na cinntí a rinne airí airgeadais an Aontais an tseachtain seo caite beidh 500 billiún euro breise ar fáil dóibh siúd go léir óna dteastaíonn sé.

Impím ar gach Ballstát lántairbhe a bhaint as SURE – an scéim nua atá molta ag an gCoimisiún chun Eorpaigh a chosaint ar bhaol na dífhostaíochta. Cuirfidh an scéim €100 billiún ar fáil le cabhrú le rialtais an bhearna a chúiteamh más gá do d'fhostóir do chuid uaireanta a laghdú - nó más duine féinfhostaithe thú a bhfuil tacaíocht uait.

Tá dhá bhua ag SURE. Ar an gcéad dul síos, cuideoidh sé leo siúd atá i ngátar an cíos agus billí a íoc nó bia a cheannach agus, san am céanna, coinneoidh sé an dé i ngnólachtaí eile. Agus ar an dara dul síos, is é an dlúthpháirtíocht Eorpach ina steillbheatha é. Na Ballstáit sin ar féidir leo é, cuirfidh siad ráthaíochtaí ar fáil le gur féidir le Ballstáit eile cabhrú leo siúd is measa atá thíos leis ina dtíortha féin.

Mar thoradh ar an ngníomhaíocht sin go léir, is fiú cuid mhaith os cionn 3 thrilliún euro freagairt na hEorpa le chéile. Tá sé sin ar an bhfreagairt is láidre aon áit ar domhan.

Ach tá a fhios againn go mbeidh níos mó ag teastáil. I bhfad níos mó. Sin toisc gur bóthar fada atá romhainn agus go mbeidh an saol atá amach romhainn an-difriúil ón am a chuaigh thart.

A Chomhaltaí Onóracha,

Tá mé suite de gur féidir leis an Eoraip an saol nua seo a mhúnlú ach í a bheith ag obair le chéile agus meon na ceannródaíochta a tharraingt chuici féin arís eile.

Chuige sin, ba mhaith liom tagairt a dhéanamh d'abairt ó fhorógra Ventotene - forógra a scríobh beirt de cheannródaithe móra de chuid na hIodáile agus na hEorpa: Ernesto Rossi agus Altiero Spinelli, duine de bhunaitheoirí na hEorpa.

Agus iad i bpríosún ar oileán iargúlta, agus an cogadh ina theas, tráth a baineadh dúil den Eoraip a bheith aontaithe is ea a scríobh siad na focail seo mar ábhar uchtaigh:

*Is mithid dúinn a fhios a bheith againn conas seandeighiltí a fhágáil inár ndiaidh, conas a bheith inchurtha leis an saol a bheidh romhainn, saol atá i bhfad níos difriúla ná mar a cheapamar.*

A chairde, tá an uair sin buailte linn arís eile.

Is mithid dúinn na seandeighiltí, na seandíospóidí agus an seancháineadh ar a chéile a fhágáil inár ndiaidh. Imeacht ón seasamh daingean atá againn uile.

Is mithid dúinn a bheith ullamh don saol úr atá romhainn. Leas a bhaint as cumhacht ár ndlúthpháirtíochta agus as neart ár gcomhchuspóra.

Chuige sin, ní mór dúinn ar dtús deimhin a dhéanamh de go mbeidh an geilleagar, an tsochaí agus an modh maireachtála níos inbhuanaithe agus go mbeidh teacht aniar níos mó iontu.

Tá freagraí le fáil sa saol nua ar na ceisteanna sin ach tabhairt fúthu le misneach, muinín agus dlúthpháirtíocht.

Agus teastóidh infheistíocht ollmhór chun an geilleagar a chur ag fás chomh maith.

Teastaíonn Plean Marshall do théarnamh na hEorpa agus ní mór é a chur i bhfeidhm láithreach bonn.

Níl againn ach an taon ionstraim amháin a bhfuil muinín ag na Ballstáit uile aisti agus a mbeidh toradh uirthi in aicearracht. Is ionstraim trédhearcach sheanbhunaithe í i dtaca leis an gcomhtháthú, leis an gcóineasú agus leis an infheistíocht de.

An buiséad Eorpach an ionstraim sin.

Beidh an buiséad Eorpach ina chrann taca ag an téarnamh.

Dá réir sin, ní mór don chéad bhuiséad seacht mbliana eile a bheith difriúil leis an méid a shamhlaíomar, faoi mar a dúirt Spinelli.

Bainfimid leas as cumhacht an bhuiséid Eorpaigh uile chun teacht ar an méid ollmhór infheistíochta a theastaíonn uainn chun an Margadh Aonair a chur ar a bhoinn arís tar éis an choróinvíris.

Díreoimid go mór mór ar bhlianta tosaigh an bhuiséid chun gur cumhachtaí an infheistíocht sna chéad bhlianta ríthábhachtacha sin.

Déanfaimid amhlaidh ó tharla gur géarchéim é seo nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe. Is trom an buille atá sé a bhualadh ar chuideachtaí a bhí ar fónamh toisc an saol poiblí a bheith dúnta.

Sin an fáth a dteastóidh réitigh nuálacha agus tuilleadh solúbthachta sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil chun infheistíocht phoiblí agus phríobháideach ollmhór a chur ar fáil. Cuirfidh sin dlús leis an ngeilleagar agus fágfaidh sé go mbeidh teacht aniar níos mó san Eoraip agus go mbeidh sí níos glaise agus níos digití freisin de thoradh an téarnaimh.

Mar thoradh air sin, beimid ag athmhúnlú na dtionscal agus na seirbhísí ionsar an saol nua seo le cois a bheith ag tacú leo.

Chuige sin, beidh gá le hinfheistíocht a dhéanamh sna teicneolaíochtaí digiteacha, sna bonneagair agus sa nuálaíocht, priontáil 3D mar shampla chun cabhrú linn a bheith níos neamhspleáiche agus chun na deiseanna nua a thapú a oiread is féidir.

Agus ciallaíonn sé nach mór dúinn cromadh arís eile ar an straitéis fáis atá againn trí infheistíocht a dhéanamh sa Chomhaontú Glas don Eoraip. De réir mar a thiocfaidh méadú ar an téarnamh domhanda, ní hamhlaidh a thiocfadh laghdú ar an téamh domhanda freisin. Beidh buntáiste mór ag na tíortha is túisce gníomh agus beidh sé thar a bheith tábhachtach infheistíocht a dhéanamh sna tionscadail chearta.

A bhuí le geilleagar atá níos nua-aimseartha agus níos ciorclaí ní bheimid chomh spleách céanna agus a bhí agus beidh teacht aniar níos mó ionainn. Seo an ceacht is gá dúinn a fhoghlaim ón ngéarchéim seo.

Beidh sé níos tábhachtaí ná riamh infheistíocht a dhéanamh san athchóiriú ar mhórscála, i bhfoinsí in-athnuaite, san iompar glan, sa bhia inbhuanaithe agus in athchóiriú an dúlra. Ní hamháin gur le leas an gheilleagair agus an chomhshaoil é ach beimid níos neamhspleáiche trí shlabhraí soláthair a laghdú agus a éagsúlú.

Tá gné eile den scéal is ceart a mheabhrú dúinn féin.

Cé gur géarchéim é atá siméadrach, ní mar sin don téarnamh é. Nó ní hamháin go mbeimid thíos leis an víreas ach beimid buailte ag an dochar a rinneadh ar an ngeilleagar freisin. Tiocfaidh réigiúin áirithe aniar as agus is measa a bheidh réigiúin eile buailte aige. Dá bhrí sin is tábhachtaí ná riamh an comhtháthú agus an cóineasú.

Is mar a chéile iad an Margadh Aonair agus an beartas comhtháthaithe. Teastaíonn an bheirt acu chun a chinntiú go mbeidh rath ar an Eoraip trí chéile.

A Chomhaltaí Onóracha,

Seo an Eoraip a chreidim a thiocfaidh slán as an ngéarchéim seo.

Eoraip a dhéanfaidh a seacht ndícheall saol daoine a chosaint. Eoraip atá oscailte don domhan ach atá in ann aire a thabhairt di féin. Eoraip a bhfuil teacht aniar níos mó inti, Eoraip atá níos glaise agus níos digití agus Eoraip a dhéanann infheistíocht sa todhchaí le chéile.

Sin é bealach an téarnaimh. Is fada uile an bealach a bheidh romhainn agus beidh an domhan mór ag iarraidh teacht aniar as.

Chomh dócha lena athrach, tiocfaidh athrú ó bhonn ar chúrsaí polaitíochta, ar chúrsaí geopholaitíochta agus ar an domhandú féin b'fhéidir. Agus sa saol nua seo atá romhainn, ní mór don Eoraip seasamh le chéile mín agus garbh.

Agus nuair a smaoiním ar an Aontas seo againne - agus ar a mhéad atá de dhaonnacht agus d'intleacht ann - tá a fhios agam gur féidir linn sin a dhéanamh agus gurb amhlaidh a dhéanfaidh.

A Chomhaltaí Onóracha,

Deirtear gur i ndiaidh an anfa is uaisle a bhíonn anam an eachtraí.

Tá a fhios agam, má sheasaimid go léir le chéile ar son na hEorpa inniu - le misneach, muinín agus dlúthpháirtíocht - tá a fhios agam gurb uaisle ná riamh a bheidh anam na hEorpa amach anseo.

An Eoraip abú.

Vive l'Europe!

Lang lebe Europa!

SPEECH/20/675

Related documents

President von der Leyen on the EU action on the coronavirus.pdf

Related media

Participation of Ursula von der Leyen, President of the European Commission, at Plenary session of the European Parliament

EP Plenary session EU coordinated action to combat the COVID-19 pandemic and its consequences